COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL ÓIGE ILDÁNACH
PLEAN STRAITÉISEACH 2023-2027

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

HUB na nÓg
YOUNG VOICES IN DECISION MAKING

Fáiltiú

Tá áthas orainn Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach na Gaillimhe agus Ros Comáin 2023-2027 a chur i láthair. Díríonn an fhís, an misean agus na spriocanna straitéiseacha ar riachtanais dhaonra óg ildánach an réigiúin a chur chun cinn, tacú leo agus freastal orthu.

Tá an cháipéis seo bunaithe ar chomhairliúchán forleathan le daoine óga, leo siúd a oibríonn leo agus leis an bpobal ildánach i nGaillimh agus i Ros Comáin. Cuireann an comhairliúchán seo bonn eolais faoin bplean straitéiseach, plean atá bunaithe ar thuiscint a fháil ar riachtanas áitiúil, ildánacht a iniúchadh sa chiall is leithne, agus é ar fad faoi stiúir an aosa óig agus ar fáil i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara sa réigiún.

Is forbairt nua spreagúil don réigiún í an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI), agus is é a haidhm deiseanna nua a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga chun a gcuid cruthaitheachta a fhorbairt. Tugtar deis freisin príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun tacú le tionscnaimh atá faoi stiúir an aosa óig. Tugann CÁÓI an deis ildánacht a leabú i saol daoine óga i gcomhthéacsanna lasmuigh den scoil, lena n-áirítear oideachas sna luathbhlianta agus obair don aos óg. Is ceantar an-chultúrtha é réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ina bhfuil cathair, daonra ollmhór tuaithe, an ceantar Gaeltachta is mó laistigh d’aon Bhord Oideachais agus Oiliúna agus roinnt oileán amach ón gcósta.

Is é an fhís atá ag CÁÓI i nGaillimh & Ros Comáin 'cur ar chumas leanaí agus daoine óga a gcuid cruthaitheachta a léiriú agus iad féin a chur in iúl go cruthaitheach'. Tá na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa phlean seo uaillmhianach agus táimid muiníneach go mbainfidh siad an fhís sin amach.

Agus an plean seo seolta, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh lena chruthú agus lena fhorbairt. Tá ár mbuíochas tuillte ag go leor eagraíochtaí comhpháirtíochta agus páirtithe leasmhara sa réigiún, go háirithe ag na daoine óga a ndeachaigh muid i gcomhairle leo agus an iliomad seirbhísí oibre don aos óg a bhíonn ag obair ar fud na Gaillimhe agus Ros Comáin. Aithnímid freisin an tacaíocht a chuireann an Roinn Oideachais, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar fáil trí Mhol na nÓg chun an clár nuálach seo a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh sé go mbeidh deis ag níos mó daoine óga sa réigiún a bheith ildánach.

Mar fhocal scoir, buíochas ó chroí le baill Choiste Óige agus Ealaíon Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean, Dónal Walsh, Oifigeach Oideachais Aosaigh a bhainistíonn CÁÓI agus Comhordaitheoirí CÁÓI Nicola Kerrigan agus Louise Ryan, a fhaigheann tacaíocht ó Marie McNamara a d'fhorbair an plean agus a bheidh ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm. Táimid ag tnúth le cur i bhfeidhm na bpríomhghníomhartha a aithníodh agus leis an tacaíocht leanúnach don tseirbhís luachmhar seo.

Sinéad Morgan, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
An Comhairleoir Shane Curley, Cathaoirleach, An Coiste Óige agus Ealaíon

Cé muid?

Arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Éire Ildánach, bunaíodh an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI) i nGaillimh agus i Ros Comáin in 2021. Tá sé lonnaithe i mBord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) agus tá sé ar cheann de sheacht dtionscadal náisiúnta atá ag feidhmiú faoi choimirce Éire Ildánach, clár uile-rialtais a nascann daoine leis an gcruthaitheacht agus leis an bhfolláine.

Tá CÁÓI mar chuid den Aonad Cuimsithe laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, in éineacht le cláir eile a oibríonn le daoine óga ar nós Music Generation agus Youth Services. Déanann an Coiste Óige agus Ealaíon, fochoiste de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, maoirseacht ar CÁÓI.

Baill an Choiste Óige & Ealaíon:

An Comhairleoir Shane Curley, Cathaoirleach, GRETB
An Comhairleoir Terry O'Flaherty, GRETB
Sarah Larkin, Comhairle na nÓg, Ros Comáin
An Comhairleoir Kathleen Shanagher, GRETB
Daniel Cronin, GRETB
Charlie Flanagan, Comhairle na nÓg, Gaillimh
Tom Costello, GRETB
Morgan Mee, Coiste Seirbhísí Leanaí & Daoine Óga
Alan Mongey, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí & na Leas-Phríomhoidí
Rhona McGrath, Oifigeach Ealaíon Chomhairle Contae Ros Comáin
Anna Feely, Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann
Peadar Mac Fhlannchadha, Conradh na Gaeilge



Cad é a dhéanaimid?

Tugann CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin réimse éagsúil daoine agus acmhainní le chéile chun gníomhaíochtaí a chruthú agus a chur ar fáil lasmuigh den scoil le haghaidh leanaí agus daoine óga idir 0-24 bliana d'aois. Deartar na gníomhaíochtaí seo chun cur le hoideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus chun tacú léi ar bhealach uathúil neamhghnách, bealach a mheallann réimse leathan daoine thar aoisghrúpaí éagsúla.

Tacaíonn CÁÓI leis an gcomhoibriú, cabhraíonn sé le caidrimh nua a fhorbairt, agus cuireann sé deiseanna níos fearr ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, go háirithe iad siúd nach mbíonn mórán deiseanna acu tabhairt faoi phróisis ildánacha.

Spreagann CÁÓI rannpháirtíocht faoi stiúir leanaí agus an aosa óig, ionas go mbeidh tábhacht leis na torthaí cruthaitheacha dóibh siúd a ghlacann páirt. Faigheann CÁÓI tacaíocht san obair seo ó Mhol na nÓg, an t-ionad náisiúnta barr feabhais agus comhordaithe, chun ligean do dhaoine óga tuairim a thabhairt sa chinnteoireacht.

Cén fáth a ndéanaimid é?

Creideann CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin go bhfuil sraith scileanna nó nósanna intinne ann is féidir a fhorbairt trí na cláir uathúla seo. "Ní bhaineann na scileanna seo leis na healaíona ná le heispéiris chultúrtha amháin ach is féidir leo a bheith ina n-uirlisí chun scileanna a fhorbairt le ceisteanna a chur, ceangal a dhéanamh, cur chuige nuálach agus iomlán samhlaíoch a leanúint i leith réiteach fadhbanna agus oibriú go héifeachtach le daoine eile."

Agus na scileanna cruthaitheacha á bhforbairt agus nósanna á gcothú, cinntíonn CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin go gcuirtear comhdheiseanna ar fáil, agus béim ar éagsúlacht, uileghabhálacht agus rochtain. Níor cheart go mbeadh costas ina bhac ar rannpháirtíocht.

Comhthéacs an Bheartais:

Cuireann na straitéisí náisiúnta agus áitiúla seo a leanas bonn eolais faoi obair an Chláir CÁÓI agus treoraíonn siad í:

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (BOBF)

An creat beartais náisiúnta do Chláir Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020, mar aon leis an Tuarascáil ar Thorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, arna eisiúint ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Déanann Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile ionadaíocht ar chlár oibre an rialtais, agus tugtar tús áite do leanaí agus do dhaoine óga agus moltar cur chuige 'uile-rialtais'. Tá an creat seo ag teacht le CÁÓI, sa mhéid is go dtacaíonn sé le torthaí níos fearr a bhaint amach i gcás gach linbh agus duine óig.

An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht

Tacaíonn an beartas seo le ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun feabhas a chur ar a gcleachtas maidir le héisteacht le leanaí agus le daoine óga agus ligean dóibh tuairim a thabhairt sa chinnteoireacht. Faigheann CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin tacaíocht san obair seo ó Mhol na nÓg, an t-ionad náisiúnta barr feabhais agus comhordaithe maidir le ligean do leanaí agus do dhaoine fásta tuairim a thabhairt sa chinnteoireacht.

Plean Óige Ildánach 2023-2027

Faoin gClár Éire Ildánach - Is plean é Óige Ildánach a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a bheith ildánach.

Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin 2022-2026

Cuirtear creat ar fáil a chinntíonn go bhfaigheann daoine a théann i dteagmháil le seirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) taithí oideachais agus oiliúna den chaighdeán is airde.

Plean Obair Óige GRETB 2021-2024

Leagtar amach anseo fís straitéiseach le haghaidh obair don aos óg i gCathair na Gaillimhe, i gContae na Gaillimhe agus i Ros Comáin agus leagtar béim ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ina fhorbairt. Tugtar aghaidh ar fhreagrachtaí reachtúla Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus é ag teacht le Ráiteas Straitéiseach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.



Cé leis ar labhair muid?

Choimisiúnaigh Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin taighde chun buntuiscint a fháil ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí agus i gcláir ildánacha ar fud na Gaillimhe agus Ros Comáin chun pleanáil CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin amach anseo a threorú agus tacú léi.

Príomh-mholtaí Comhairliúcháin

- **Cur leis na Deiseanna le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga**
- **Níos mó oiliúna a chur ar dhaoine a oibríonn le Leanaí agus le Daoine Óga**
- **Arna dearadh i gcomhpháirtíocht le Leanaí agus le Daoine Óga**



Próiseas Comhairliúcháin CÁÓI (LCYP) GRETB

762+ freagra

4 SHUIRBHÉ DHÁTHEANGACHA AR LÍNE

4 FHÓCASGHRÚPA
LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE ILDÁNACHA, COMHPHÁIRTITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL, GNÍOMHAIREACHTAÍ FORBARTHA AGUS EAGRAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ DON ÓIGE.

10 BHFÓCASGHRÚPA
LE LEANAÍ & DAOINE ÓGA

23 COMHAIRLIÚCHÁN AR LEITH
LE DAOINE AONAIR IN EAGRAÍOCHTAÍ ÁBHARTHA, COMHPHÁIRTITHE GNÍOMHAIREACHTA, OIBRITHE ÓIGE, SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE ILDÁNACHA AGUS EALAÍONTÓIRÍ CLEACHTACHA AGUS DAOINE ILDÁNACHA

Guth leanaí agus daoine óga a chuimsiú

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, úsáideadh múnla rannpháirtíochta Lundy mar chreat don phróiseas bailithe sonraí, chun a chinntiú go mbeadh deis ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl agus go dtabharfaí an tábhacht a bhí dlite do na tuairimí sin taobh istigh den phróiseas anailíse.



An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht

Na 5 Réimse Cláir Cruthaitheachta is Fearr de réir daoine idir 8 agus 12 bhliana d'aois

Cathair na Gaillimhe

1. CEARDAÍOCHT
2. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
3. CÓCAIREACHT
4. CEARDLANNA EALAÍNE/DEALBHÓIREACHT/ DÉANAMH FEARAS
5. DEARADH FAISIN

Contae na Gaillimhe

1. CÓCAIREACHT
2. CEARDAÍOCHT
3. CEARDLANNA EALAÍNE/ DEALBHÓIREACHT/DÉANAMH FEARAS
4. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
5. DEARADH FAISIN

Ros Comáin

1. CEARDAÍOCHT
2. CEARDLANNA EALAÍNE/DEALBHÓIREACHT/ DÉANAMH FEARAS
3. RANGANNA CÓCAIREACHTA
4. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
5. DEARADH-GRAFACH AGUS DEARADH AMHAIRC

"Cabhraíonn sé liom m'intinn a bhaint de rudaí eile atá ag tarlú i mo shaol"

Na 5 Réimse Cláir Cruthaitheachta is Fearr de réir daoine idir 12-24 bliain d'aois

Cathair na Gaillimhe

1. CEARDAÍOCHT
2. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
3. CÓCAIREACHT
4. CEARDLANNA EALAÍNE/DEALBHÓIREACHT/ DÉANAMH FEARAS
5. DEARADH FAISIN

Contae na Gaillimhe

1. CÓCAIREACHT
2. CEARDAÍOCHT
3. CEARDLANNA EALAÍNE/ DEALBHÓIREACHT/DÉANAMH FEARAS
4. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
5. DEARADH FAISIN

Ros Comáin

1. GRIANGHRAFADÓIREACHT
2. CEARDLANNA EALAÍNE/DEALBHÓIREACHT/ DÉANAMH FEARAS
3. DEARADH FAISIN
4. CÓDÚ/FORBAIRT AIPEANNA/DEARADH 3T
5. CEARDLANNA CHUN 'BLAISEADH' DEN CHRUTHAITHEACHT A FHÁIL

"Tá cairde nua agam"

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Cuireann fís, misean agus croíluachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin éiteas na heagraíochta in iúl agus treoraíonn siad an obair a dhéanaimid agus ár gcuid idirghníomhaíochtaí le leanaí agus daoine óga, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara. Tá siad ag teacht go dlúth le croíluachanna CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Fís Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin:

A bheith ar thús cadhnaíochta i soláthar clár oideachais agus oiliúna atá nuálach, cuimsitheach, freagrúil agus ar ardchaighdeán.

Misean Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin:

Seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige a chur ar fáil, a fhorbairt agus tacú leo agus a chur ar chumas daoine a n-acmhainneacht a bhaint amach agus cur leis an tsochaí.

Luachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin



Spriocanna Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Daoine — Luach a bheith againn ar ár bhfoghlaimeoirí, ár mic léinn agus ár bhfoireann, iad a fhorbairt, agus tacú leo.

Acmhainneacht — Próifíl GRETB a ardú agus feabhas a chur ar an soláthar atá a dhéanamh againn, i comhpháirt lenár bpríomhgheallsealbhóirí

Cláir — Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeán, freagrúla agus ionchuimsitheacha a chur ar fáil

Próisis — Ceannasaíocht a thabhairt i bhforbairt eagrúcháin agus i rialachas corparáideach

TOSAÍOCHTAÍ CÁÓI BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA NA GAILLIMHE AGUS ROS COMÁIN:

Tá na tosaíochtaí seo a leanas mar bhonn taca ag an gclár bunaithe ar an gcomhairliúchán forleathan a rinneadh le leanaí agus le daoine óga.

AG FREAGAIRT DO RIACHTANAS ÁITIÚIL

CRUTHAITHEACH

DÍRITHE AR AN LEANBH & ÓIGE

CUR CHUIGE COMHPHÁIRTÍOCHTA I LEITH SOLÁTHAIR

Fís

Leanaí agus daoine óga i nGaillimh agus i Ros Comáin a spreagadh chun a gcruthaitheacht a chur i láthair agus iad féin a chur in iúl go cruthaitheach

Misean

Ildánacht a leabú i ngach gné de shaol leanaí agus daoine óga

Spriocanna Straitéiseacha CÁÓI Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Tosaíocht 1: Freagrúil do Riachtanas Áitiúil

Sprioc 1: (Cad é ba mhaith linn a dhéanamh?)

Deiseanna a aithint chun cláir chruthaitheacha a fhorbairt agus a sheachadadh chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar dheiseanna cruthaitheacha agus go gcuirtear san áireamh iad.

Cuspóirí: (Conas a dhéanfaimid é?)

- Bacainní ar rannpháirtíocht i ndeiseanna cruthaitheacha a aithint agus réitigh a chomhchruthú leis na daoine óga a bhfuil na bacainní sin orthu.
- Caidreamh a fhorbairt le páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag na leanaí agus ag na daoine óga is mó a fhágtar amach ar eispéiris chruthaitheacha.
- Deiseanna a fhiosrú ag baint úsáid as an teicneolaíocht chun soláthar seirbhísí cruthaitheacha a fheabhsú ar fud réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus béim ar na pobail faoin tuath agus ar na hOileáin a fhágtar amach.
- Cláir chruthaitheacha Ghaeilge agus Dhátheangacha a fhorbairt chun leanaí agus daoine óga ar cainteoirí Gaeilge iad agus iad siúd ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga a mhealladh.
- Deiseanna uasoiliúna a chur ar fáil do bhaill foirne atá ag obair mar Oidí Luathbhlianta chun cur le hidirghníomhaíocht ildánach leanaí.

Torthaí Réamh-mheasta: (Cad é a tharlóidh?)

- Beidh cláir chomhchruthaithe i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhíonn fágtha amach agus béim á leagan orthu siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu agus orthu siúd atá scoite amach ó thaobh na tíreolaíochta de.
- Bunófar caidreamh nua idir CÁÓI agus údaráis áitiúla, scoileanna, earnáil na luathbhlianta, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun deiseanna a chruthú d'fhorbairt clár comhroinnte agus chun maoiniú a fháil le haghaidh samhlacha nua agus reatha soláthair.
- Aithneofar bealaí cruthaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht chruthaitheach ar bhonn leanúnach.
- Beidh cláir chruthaitheacha Ghaeilge agus dhátheangacha i bhfeidhm ar fud réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Tosaíocht 2: Cruthaitheach

Sprioc 2: (Cad é ba mhaith linn a dhéanamh?)

Cabhrú le heagraíochtaí agus le daoine atá ag obair le leanaí agus le daoine óga a bheith níos cruthaithí ina gcur chuige.

Cuspóirí: (Conas a dhéanfaimid é?)

- Feabhas a chur ar an acmhainn le haghaidh soláthar cláir cruthaitheachta trí chomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla i nGaillimh agus i Ros Comáin.
- Pleanáil straitéiseach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha chun cláir chruthaitheachta níos comhtháite a chinntiú, a chuireann an chruthaitheacht chun cinn mar chuid lárnach d'fhorbairt leanaí agus daoine óga.
- Naisc a chruthú idir cleachtóirí cruthaitheacha agus eagraíochtaí a oibríonn le leanaí agus le daoine óga.
- Taisce na n-acmhainní cruthaitheacha a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla atá ag gabháil don chruthaitheacht.

Torthaí Réamh-mheasta: (Cad é a tharlóidh?)

- Cuirfear deiseanna nua cruthaitheachta ar fáil le haghaidh leanaí agus daoine óga.
- Beidh Imeachtaí Taiscéalaíochta Cruthaitheachta i bhfeidhm chun líonrú agus comhoibriú idir páirtithe leasmhara agus leanaí agus daoine óga a chur chun cinn.
- Beidh deiseanna oiliúna i bhfeidhm do dhaoine atá ag obair le leanaí agus le daoine óga a cheadaíonn foghlaim chomhroinnte i ngach earnáil agus béim á leagan ar chur chuige oibre don aos óg.
- Cinntíonn comhoibriú le heagraíochtaí go mbeidh scileanna atá dírithe ar an todhchaí agus deiseanna foghlaim ildánach ar fáil do gach leanbh agus duine óg.



Tosaíocht 3: Dírithe ar an Leanbh & Óige :

Sprioc 3: (Cad é ba mhaith linn a dhéanamh?)

A chinntiú go gcloistear tuairim an linbh agus an duine óig agus go bhfuil sé leabaithe i ngach céim den phleanáil, seachadadh agus meastóireacht ‘ildánach’.

Cuspóirí: (Conas a dhéanfaimid é?)

- Dul i dteagmháil le leanaí agus le daoine óga trí chomhairliúcháin chruthaitheachta, suirbhéanna agus grúpaí fócais ar bhonn rialta.
- Tacú le leanaí agus le daoine óga agus deiseanna líonraithe agus foghlaim chomhroinnte a chur ar fáil.
- Comhpháirtíocht a dhéanamh le Mol na nÓg agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun a chinntiú go bhfuil CÁÓI cuimsitheach do gach leanbh agus duine óg.

Torthaí Réamh-mheasta: (Cad é a tharlóidh?)

- Beidh próiseas i bhfeidhm chun comhairliúchán a chinntiú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil suim acu san ildánacht agus a bhfuil baint acu leis an ildánacht.
- Beidh páirtithe leasmhara rannpháirteach, rud a chinnteoidh go gcloisfear tuairimí leanaí agus daoine óga.
- Beidh nasc láidir i bhfeidhm le Comhairle na nÓg agus le struchtúir rannpháirtíochta óige eile.
- Beidh an Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht leabaithe i gcleachtas CÁÓI.
- Beidh leanaí agus daoine óga páirteach i ngach céim d'fhorbairt, de chur i bhfeidhm agus de mheastóireacht chláir CÁÓI.

Tosaíocht 4:Cur Chuige Comhpháirtíochta i leith Soláthair

Sprioc 4: (Cad é ba mhaith linn a dhéanamh?)

Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairt deiseanna cruthaitheachta inbhuanaithe a chinntiú.

Cuspóirí: (Conas a dhéanfaimid é?)

- Caidreamh a chothú le príomhpháirtithe leasmhara cruthaitheacha chun a chinntiú go bhfuil cláir inbhuanaithe i bhfeidhm.
- An cumas cláir chruthaitheachta a chur ar fáil a fheabhsú trí chur chuige comhpháirtíochta.
- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil leanaí agus daoine óga ar an eolas agus nasctha le deiseanna cruthaitheacha áitiúla.
- Cláir CÁÓI a phleanáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun fócas ar inbhuanaitheacht a chinntiú.
- Cur chuige 'glas' a leabú maidir le cláir chruthaitheacha.

Torthaí Réamh-mheasta: (Cad é a tharlóidh?)

- Beidh caidreamh láidir i bhfeidhm le hOifigigh Ealaíon na n-údarás áitiúil agus le foirne cultúir ar fud na Gaillimhe agus Ros Comáin.
- Beidh CÁÓI ina chuid lárnach de thionscnaimh ildánacha ar nós Chruinniú na nÓg, Oíche Chultúir agus Sheachtain na hOidhreachta.
- Beidh CÁÓI ina chlár aitheanta ar fud Chathair na Gaillimhe, Chontae na Gaillimhe agus Ros Comáin.
- Beidh níos mó leanaí agus daoine óga áitiúla páirteach i bhféilte agus i dtionscnaimh áitiúla.
- Beidh Coiste Óige agus Ealaíon Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ag cur gach gníomhaíocht ar an eolas agus beidh siad ar an eolas faoi gach gníomhaíocht.
- Beidh méadú ar úsáid ábhar nádúrtha agus athchúrsáilte i gcláir agus i dtionscnaimh chruthaitheachta.

‘cumas cruthaitheach gach linbh
agus gach duine óig a fhorbairt’

www.gretb.ie

rphost: lcyp@gretb.ie

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme